

# Uasdátú Gaeilge

Tá sé mar dhualgas ag RTÉ, mar an craoltóir náisiúnta agus mar chomhlacht poiblí, ardchaighdeán Gaeilge a chinntiú inár gcraoltaí agus inár bhfógraí ar fad. Tá sé seo níos tábhachtaí fós i láthair na huaire agus fógraíocht anois á craoladh ar RTÉ Raidió na Gaeltachta, stáisiún raidió náisiúnta Gaeilge na hÉireann, den chéad uair sa leathchéad bliain ó bunaíodh an stáisiún. Beidh na héisteoirí seo go háirithe ag súil le fógraí tráchtála a mbeidh struchtúr inaitheanta acu.

**Ag cruthú fógra Gaeilge?**
Seo cúpla nod duit le cuidiú leat a chinntiú go bhfuil d'fhógra Gaeilge ar an gcaighdeán is airde ó thaobh na teanga de, agus dá bharr, go meallfar an lucht leanúna, bhur gcustaiméirí, i dtreo do theachtaireachta.

De réir An Coimisinéir Teanga, ba cheart go mbeadh an Ghaeilge ar an gcaighdeán is airde i gcónaí. Leis seo a dheimhniú, leanann RTÉ rialacha gramadaí An Caighdeán Oifigiúil agus scripteanna á meas againn, ach táimid go mór ar son na héagsúlachta. **Cuirfear fáilte roimh gach canúint agus blas sa chóip agus sa VO.**

**Cuir isteach luath:** Ná déan dearmad go mbeidh do script le faomhadh sula gcraolfar é, mar sin is é is luaithe a sheoltar isteach is fearr é. Anuas ar chinntiú go dtagann gach fógra leis na rialacháin éagsúla, tá Foireann Imréitigh Cóipe RTÉ ar fáil le treoir a thabhairt. Is féidir ríomhphost a sheoladh chuig askrteclearance@rte.ie le ceist ar bith.

**Cuir an t-éisteoir san áireamh:** Tá éisteoirí RTÉ Raidió na Gaeltachta an-tugtha don teanga. Is í a dteanga chumarsáide laethúil í. Beidh an tionchar is mó ag fógra ar bith a bhfuil an tiomantas céanna don Ghaeilge léirithe ann.

**Bíodh ardchaighdeán Gaeilge RTÉ RnaG mar sprioc agat:** Leis seo a bhaint amach, roghnaigh ealaíontóir VO a bhfuil an Ghaeilge ar a dtoil acu, bíodh siad ó cheantar Gaeltachta nó Galltachta. Ní bheidh dul na Gaeilge ar fhogharscríbhinn. Déan cinnte go bhfuil rithim leis an script, go bhfuil sé nádúrtha ó thaobh na teanga de, agus go bhfuil an fhoghraíocht cheart ar gach focal.

**Is í an tslí is fusa le hardchumas Gaeilge na n-ealaíontóirí a mheas ná an cheist seo a leanas a chur:**

An bhfuil an leibhéal cuí Gaeilge ag an ealaíontóir VO seo le go gcuirfí faoi agallamh ar RTÉ Raidió na Gaeltachta iad? Cuideoidh seo linn a dheimhniú go bhfuil ár bhfógraí ag teacht le sárchaighdeán ár gcraoltaí trasna ár n-ardán uile.

**Dréachtaigh an script trí mheán na Gaeilge:**
Ní thuigeann aistritheoirí uathoibrithe ná bogearraí aistriúcháin réim agus rithim na teanga. Mar sin, mholfaimis teanglann.ie agus foclóir.ie a úsáid, tá siad i bhfad níos cruinne agus cuideoidh siad leat script cruinn, nádúrtha a dhréachtú a bhfuil teachtaireacht shoiléir aige. Níor chóir aistriúchán focal ar fhocal a dhéanamh ó bhunleagan Béarla, déan teachtaireacht an fhógra a chur go Gaeilge.

**Bain úsáid as na hacmhainní:**

- Tá cur i láthair ag An Coimisinéir Teanga ar Acht na dTeangacha Oifigiúla (Leasú), 2021
- Tá liosta d'aistritheoirí agus d'eagarthóirí creidiúnaithe Gaeilge curtha i dtoll a chéile ag Foras na Gaeilge.

Tá súil againn go mbeidh an t-uasdátú seo ina chabhair dár gcliaint agus áisíneachtaí nuair a bheidh cóip Ghaeilge á dréachtú acu.

Téigh i dteagmháil linn:
Áirithintí raidió: **radio.bookings@rte.ie**
Áirithintí digiteacha: **digital.bookings@rte.ie**
Fiosruithe ginearálta: **mediasales@rte.ie**

Éist anseo:
**www.rte.ie/rnag**